



## Tithe an Oireachtais Houses of the Oireachtas

Last Updated 22 March 2019

**Nóta:** Más rud é go bhfuair tú cuireadh teacht i láthair ag cruinniú Coiste, is ceart an bhileog eolais seo a léamh i dteannta [an Phrótaicail d'Fhinnéithe](#). Más rud é nach bhfuair tú cuireadh ach gur cuireadh iallach ort teacht i láthair ag cruinniú Coiste, is ceart duit na [Treoirínte d'Fhinnéithe maidir le hInordaitheacht](#) a léamh freisin.

### TREOIRNÓTA:

#### **AIGHNEACHTAÍ A DHÉANAMH CHUIG COISTÍ OIREACHTAIS AGUS CUIR I LÁTHAIR A DHÉANAMH OS A gCOMHAIR**

##### ***Cén fáth a dteastaíonn ó Choistí labhairt leis an bpobal?***

Tá sé de chumhacht ag formhór na gCoistí Oireachtais cuireadh a thabhairt do dhaoine nó do chomhlachtaí leasmhara fianaise a thabhairt trí chur i láthair ó bhéal a dhéanamh maidir le haon ní ar a Chlár Oibre. Láithrionn breis agus 1,000 finn é os comhair na gCoistí gach bliain. Féadfaidh Airí, státseirbhísigh agus seirbhísigh phoiblí, ionadaithe d'eagraíochtaí nach eagraíochtaí Rialtais iad agus grúpaí sainleasa eile a bheith ina measc. Is trí na Coistí a dhéantar cuid mhór d'obair mhionsonraithe an Oireachtais. Tá raon feidhmeanna ag na Coistí, mar shampla, déanann siad grinnscrúdú ar oibriú Ranna Rialtais, scrúdaíonn siad saincheisteanna beartais agus breithníonn siad reachtaíocht go mion sula ndéantar dlí di.

##### ***Cén fáth a ndéanfaí aighneacht chuig Coiste?***

Tugann na Coistí deis don phobal lámh dhíreach a bheith acu in obair an Oireachtais. De thairbhe obair na gCoistí, faigheann na Comhaltaí eolas níos fearr ar na saincheisteanna beartais a bhaineann le hábhar faoi leith.

##### ***Conas a thugann Coiste breith i dtaobh cé hiad na daoine a dtabharfar cuireadh dóibh teacht go dtí cruinniú?***

Faigheann na Coistí an iliomad iarrataí ar chruinnithe agus ní mór dóibh deimhin a dhéanamh de go bhfuil an t-ábhar faoi shainchúram an Choiste agus go bhfuil sé mar chuid de Chlár Oibre an Choiste sula gcomhaontaíonn siad cruinniú a thionól. Más dóigh leat go bhféadfaidh tú cion a dhéanamh ar mhaithe le hobair Coiste, is éard is fearr duit a dhéanamh ar dtús aighneacht i scríbhinn a chur chuig an gCoiste lena breithniú. Tabharfaidh an Coiste breith ansin i dtaobh an bhfuil cur i láthair ó bhéal ag teastáil. Is éard is cuspóir do chur i láthair ó bhéal a chumasú duit d'aighneacht i scríbhinn a shoiléiriú agus cur léi agus deis a thabhairt do Chomhaltaí an Choiste ceisteanna a chur agus breis faisnéise a lorg.

Déanann gach Coiste cuirí chun cruinnithe poiblí a eisiúint ar bhonn na míre áirithe nó an réimse áirithe den Chlár Oibre atá á bhreithniú an tráth sin.

Tabhair faoi deara nach ráthaíocht í aighneacht i scríbhinn a dhéanamh go bhfaighidh tú cuireadh chun teacht os comhair an Choiste sin.

### **Conas a rachaidh mé i dteagmháil le Coiste?**

Is é nó is í an Cléireach don Choiste (Cléireach an Choiste) do phointe teagmhála le Coiste. Is é nó is í Cléireach an Choiste an príomhchomhairleoir do Chathaoirleach agus do Chomhaltaí an Choiste. Is ceart gach doiciméad agus an uile chomhfhreagrú don Choiste a dhíriú chuig Cléireach an Choiste. Tá sonraí teagmhála Coistí ar leithligh ar fáil ar shuíomh gréasáin an Oireachtais. Seo a leanas nasc chuig leathanaigh na gCoistí ar an suíomh gréasáin: <https://www.oireachtas.ie/ga/committees/>

### **AIGHNEACTH I SCRÍBHINN A DHÉANAMH**

#### **Conas a dhéanfaidh mé aighneacht i scríbhinn?**

Ba chóir aighneachtaí a dhíriú chuig Cléireach an Choiste (iomchuí). Féadfar aighneachtaí a chur leis an bpost nó le ríomhphost. Is é an ríomhphost an rogha is fearr agus ba chóir go mbeadh sé i bhformáid dhoiciméad MS Word agus PDF inchuardaithe. Tá sé mar bheartas againn a admháil go bhfuarthas aighneacht. Mura bhfaighidh tú admháil, ba chóir duit dul i dteagmháil le Cléireach an Choiste, chun a dhainníú go bhfuarthas an aighneacht.

#### **Cén fhaisnéis ba chóir dom a chur isteach?**

Mar threoirghné ghinearálta, is é ba chóir a bheith in aighneachtaí i scríbhinn doiciméad ar leithligh agus litir chumhdaigh ina theannta. Ba chóir aighneachtaí a chur i láthair a achoimre agus is féidir. Níor chóir aon mhionsonraí pearsanta cosúil le d'ainm ná do mhionsonraí teagmhála a bheith san aighneacht. Ina ionad sin, ba chóir go mbeadh d'ainm agus do mhionsonraí teagmhála (guthán agus seoladh poist agus, má tá sé ar fáil, seoladh ríomhphoist) sa litir chumhdaigh ar leithligh. Más thar ceann eagraíochta an aighneacht, ba chóir duit do phost san eagraíocht a chur in iúl. Tabhair faoi deara go bhfáiltímid roimh aighneachtaí as Gaeilge chomh maith le haighneachtaí as Béarla.

Ba chóir an fhaisnéis seo a leanas a bheith sa phríomhdhoiciméad:

- Brollach gairid, mar shampla, míniú ar an réimse saineolais atá agat;
- Aon fhaisnéis fhíriciúil atá agat a bhféadfaidh an Coiste taitil a bhaint aisti, nó a d'fhéadfaí a chur faoi bhráid páirtithe eile chun a dtuairimí uirthi a fháil;
- Aon mholtaí le haghaidh gníomh ag an Rialtas nó aon mholtaí eile ar mhaith leat go mbreithneodh an Coiste iad lena n-áireamh ina thuarascáil don Teach (is ceart moltaí don Choiste a bheith chomh mionsonraithe agus is féidir agus is ceart achoimre orthu a bheith i ndeireadh an doiciméid); agus
- Achoimre fheidhmeach ar na príomhphointí a dhéantar san aighneacht.

Ba chóir uimhreacha a bheith ar na míreanna agus na leathanaigh i do dhoiciméad chun cabhrú leis an gCoiste.

#### **An bhfuil aon srian lena bhféadfaidh mé a chur isteach?**

Ní mór duit a bheith cáiriseach gan trácht ar nithe atá os comhair cúirt dlí i láthair na huaire, ná ar nithe a bhfuil imeachtaí Cúirte le tosú go gairid ina leith. Má mheasann tú go mb'fhéidir go mbeadh a leithéid sin i gceist, ba chóir duit labhairt le Cléireach an Choiste i dtaobh cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar na hábhair is ceadmhach duit a chur isteach.

Níor chóir duit tráchtanna ná líomhaintí de chineál pearsanta a dhéanamh.

Is éard is cuspóir do chruinnithe Coistí saincheisteanna beartais phoiblí a phlé. Ní fóram chun táirge nó gnó áirithe a chur chun cinn é an Coiste.

#### **Is próiseas poiblí é aighneacht a dhéanamh**

Níl d'óibleagáid ar an gCoiste glacadh le do dhoiciméad ach a mbeidh sé curtha faoina bhráid, ná níl d'óibleagáid air aon chuid den aighneacht nó an aighneacht go léir a fhoilsiú má ghlactar léi. Mar sin féin, is nósanna imeachta trédhearcacha iad nósanna imeachta parlaiminte a bhfuil rochtain ag an bpobal i gcoitinne orthu. Aon

aighneachtaí a dhéanfar chuig Coiste, féadfar iad a fhoilsiú, mar chuid de thuarascáil Coiste, nó ar leithligh, má chinneann an Coiste déanamh amhlaidh. D'fhéadfadh a bheith i gceist le foilsiú aighneacht a phostáil ar an suíomh gréasáin agus a chur i gcruachóip mar chuid de thuarascáil ó Choiste.

#### **CUR I LÁTHAIR Ó BHÉAL A DHÉANAMH**

##### ***Cad a tharlóidh má thugtar cuireadh dom teacht go dtí cruinniú Coiste?***

Tar éis dó do chur i láthair i scríbhinn a fháil agus staidéar a dhéanamh air, féadfaidh an Coiste breith a thabhairt gur gá dó plé níos mionsonraithe a dhéanamh ar an ábhar leat. Is é an tslí is fearr chun é sin a dhéanamh ná teacht i láthair i bpearsa ag cruinniú poiblí den Choiste. Rachaidh Cléireach an Choiste i dteagmháil leat chun an dáta don chur i láthair agat a chur in iúl duit a thúisce a thabharfaidh an Coiste breith go dtabharfar cuireadh duit teacht i láthair. Is gnách go gcuirtear litir dhaingnithe amach ina dhiaidh sin.

##### ***Cad a tharlóidh mura bhféadfaidh mé teacht go dtí cruinniú, an bhféadfaidh mé páirt a ghlacadh agus mé in áit eile?***

Tharlódh, ar an iliomad cúiseanna, nach mbeidh ar do chumas teacht i láthair. Uaireanta, beifear in ann an cruinniú a chur ar athló, ach, uaireanta eile, ní bheifear in ann é sin a dhéanamh. I gcás nach bhféadfaidh tú teacht i láthair i bpearsa (de dheasca a fhad a bheidh tú ón gcruinniú nó cúinsí oibre, mar shampla) d'fhéadfadh go bhféadfaí an cruinniú a thionól trí fhíschomhdháil. Beidh fógra roimh ré ag teastáil uainne chun é sin a shocrú agus bheimis buíoch díot mar sin ach dul i gcomhairle le Cléireach an Choiste a luaithe is féidir sa phróiseas.

##### ***An gá dom aon ní a sheoladh isteach roimh ré?***

Aon ábhair i gcomhair cur i láthair, ní mór iad a chur faoi bhráid Chléireach an Choiste faoin spriocdháta a bheidh comhaontaithe ag an gCoiste agus a bheidh luaite sa litir chuiridh ionas go bhféadfar iad a scaipeadh go leictreonach ar Chomhaltaí roimh ré. Ba chóir go mbeadh nótaí cainte agus cuir i láthair i bhformáidí MS WORD agus PDF inchuadaithe, más féidir. Ní féidir ráthaíocht a thabhairt go n-úsáidfear ag an gcruinniú ábhar nach mbeidh faighte faoi cheann na tréimhse sonraithe roimh ré.

Más thar ceann eagraíochta a bheidh tú ag teacht i láthair, déan ainmneacha agus teidil phoist na ndaoine a bheidh i láthair ag an gcruinniú a chur chuig Cléireach an Choiste freisin. Is gnách gur faoin eagraíocht a fhágtar an bhreith cé acu dá comhaltaí nó dá baill foirne ba chóir a bheith i láthair. Mar sin féin, pé duine nó daoine a ainmneofar chun teacht i láthair, ba chóir dóthain eolais a bheith aige/aici/acu ar an ábhar chun go bhféadfaidh sé/sí/siad achoimre iomlán a thabhairt don Choiste agus freagraí a thabhairt ar aon cheisteanna.

##### ***Ní raibh mé riamh i bParlaimint cheana – an bhfuil gnás feistis i bhfeidhm?***

Is é an gnás bunaithe gur chóir do Chomhaltaí agus d'fhoireann Thithe an Oireachtais agus do chuariteoirí ar na Tithe culaith ghnó, nó éadach den tsamhail sin a bheidh ag teacht le stádas parlaiminte, a chaitheamh. Tabhair faoi deara nach gceadaítear feathail pholaitiúla a chaitheamh.

##### ***Ní raibh mé riamh i dTithe an Oireachtais cheana – cá bhfuil siad agus conas a rachaidh mé isteach iontu?***

I dTeach Laighean, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 VW29 atá Tithe an Oireachtais. Is trí Gheata Chill Dara amháin a cheadaítear rochtain ag an bpobal ar na Tithe.

Nuair a thiocfaidh tú chuig an nGeata, iarrfar ort dul trí áirse miotalbhraite agus déanfar x-gha ar do mhála. Stiúrfaidh ball foirne ansin tú chuig coimpléasc TL2000 (an coimpléasc ina bhfuil na seomraí coiste). Iarrfar ort ag an ionad fáiltithe sin do shuaitheantas aitheantais a phriontáil (ó bhoth speisialta) agus ba chóir duit é a

chaitheamh an t-am ar fad. Tabhair 30 nóiméad ar a laghad duit féin chun na próisis sin a chur i gcrích.

Stiúrfar thú chuig láthair feithimh lasmuigh de na seomraí coiste. Ba chóir duit tú féin a chur in aithne don Uiséir Parlaiminteach a bheidh ar dualgas ansin. Má tá an Coiste i seisiún príobháideach nuair a thiochfaidh tú i láthair, iarrfar ort fanacht go dtí cibé am a cheadófar duit dul isteach. Má tá an cruinniú i seisiún poiblí nuair a thiochfaidh tú i láthair, féadfaidh tú suíochán a ghlacadh san áiléar poiblí. Is nós leis an gcuid is mó de na Coistí sos an-ghairid a ghlacadh chun deis a thabhairt d'fhinnéithe nó do ghrúpaí malartú.

Nóta: Tá láthair feithimh díreach lasmuigh de na Seomraí Coiste. Tá dáileoir uisce ag an láthair seo. Tabharfaidh tú faoi deara ar do bhealach chuig limistéar an tseomra coiste go bhfuil caifé beag ann inar féidir tae nó caife agus sneaiceanna a cheannach. Ní mór aon bhia nó deoch a cheannaítear a chaitheamh sa chaifé, ná tabhair aon deochanna ná bia isteach sna seomraí coiste ná chuig an láthair feithimh lasmuigh díobh.

### ***Do Shuíochán a Ghlacadh***

I gceangal leis an doiciméad seo, tá léaráidí de leagan amach gach ceann de na ceithre Sheomra Coiste. Tá na láithreacha suí le haghaidh finnéithe marcáilte. Beidh d'ainm ar taispeáint ar chomhartha leictreonach díreach os comhair do shuíocháin agus beidh sé le feiceáil ag na Comhaltaí agus ar an bhfotha craolta den chruinniú. Ná suigh in aon suíochán eile le do thoil – cuirtear d'ainm ar taispeáint chun teacht leis an suíochán áirithe sin. Ba chóir duit fanacht i do shuí san áit sin go dtí go mbeidh an méid a bheidh le déanamh agat ag an gcruinniú curtha i gcrích agat.

- Múch d'fhón póca le do thoil – ní leor é a chur ar mhód eitleáin. Mura múchtar d'fhón póca, d'fhéadfadh sé cur isteach ar chúrsaí fuaime.
- Tá micreafón ag gach suíochán. Déanfaidh oibritheoir sa seomra é a chur ar siúl agus a mhúchadh. Déan iarracht gan bualadh ar an mbord ná de chniogóg a bhualadh air le do mhéara ná le peann, mar go nglacfaidh na micreafóin a nglór sin.

### ***An bhfuil na Seomraí Coiste oiriúnach do chathaoireacha rothaí?***

Tá Seomraí Coiste an Oireachtais lánoiriúnach d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí. Mar sin féin, bheadh sé ina chabhair do Chléireach an Choiste dá gcuirfeá in iúl dó nó di a luaithe is féidir é má bhíonn aon saoráidí nó cúnamh eile ag teastáil uait.

### ***Más mian liom breathnú ar chruinniú Coiste, cén prótacal atá ann?***

Aon duine ar mian leis nó léi breathnú ar imeachtaí ceachtar Tí nó ar imeachtaí Coiste, ní mór dó nó di a bheith faoi choimirce Comhalta. Tabharfaidh an Comhalta sin fógra dá réir sin d'fhoireann na nUiséirí Parlaiminteacha agus cuirfear d'ainm ar liosta na ndaoine a ligfear isteach. Más rud é, áfach, gur tugadh cuireadh foirmiúil duit teacht i láthair ag cruinniú Coiste, beidh d'ainm ar liosta na ndaoine a ligfear isteach don chruinniú áirithe sin cheana féin.

### ***Cad é an gnáthleagan amach i gcomhair cruinniú Coiste?***

Is é príomhfhócas an tseisiúin é go gcuirfeadh an Coiste ceisteanna ort i dtaobh d'aighneachta scríofa. Ní bheidh ort d'aighneacht scríofa iomlán a léamh amach mar go mbeidh sí faighte cheana féin ag na Comhaltaí. Ráiteas gairid (nach faide ná cúig nóiméad) ba chóir a bheith sna focail tosaigh agat, ina dtabharfar achoimre ar d'aighneacht scríofa agus ina dtarraingeofar aird ar na pointí is tábhachtaí. Cuirfidh Comhaltaí an Choiste ceisteanna ort ansin. Is é an cuspóir a bheidh leis na ceisteanna gnéithe de d'aighneacht a shoiléiriú, faisnéis a lorg is iomchuí maidir le feidhmeanna an Choiste agus deis a thabhairt duitse breis faisnéise a thabhairt i dtaobh aon phointí a bheidh déanta agat i d'aighneacht. B'fhéidir gur cúnamh duit é mar sin nóta a bhreacadh de na ceisteanna éagsúla ionas nach ndéanfaidh tú dearmad ar aon cheann de na saincheisteanna a ardófar.

***An bhfuil aon phrótacail faoi leith ann ar chóir dom déanamh dá réir i gcaitheamh an chruinnithe?***

Nuair a bheidh tú ag teacht isteach sa Seomra Coiste, téigh díreach go dtí an suíochán a bheidh curtha i leataobh duit, de réir mar a ordóidh foireann an Choiste duit. Ba chóir duit fanacht i do shuí go dtí go gcuirfidh an Chathaoir deireadh leis an seisiún.

***Cé na teidil is cóir dom a thabhairt ar Chomhaltaí an Choiste?***

Ba chóir duit an teideal atá ar gach comhalta faoi leith a thabhairt air nó uirthi: a Theachta X, a Sheanadóir Y etc. Ba chóir duit an teideal atá ar gach sealbhóir oifige faoi leith a thabhairt air nó uirthi, .i. a Chathaoirligh, a Thaoisigh, a Thánaiste, a Aire. Bíonn ainmneacha na gComhaltaí agus (T.D.) ina ndiaidh le haghaidh na dTeachtaí agus (S) ina ndiaidh le haghaidh na Seanadóirí ar taispeáint os comhair na ndeasc sna Seomraí Coiste.

***An bhfuil aon trealamh ann chun cur i láthair a dhéanamh?***

Tá saoráidí chun fiseáin agus sleamhnáin PowerPoint a thaispeáint sna Seomraí Coiste go léir. Má theastaíonn uait na saoráidí sin a úsáid, ní mór duit iarraidh a dhéanamh chuig Cléireach an Choiste seachtain amháin sula bhfuil sé beartaithe agat teacht i láthair ag an gcrúinniú á chur sin in iúl agus á lua cén fhormaid dhigiteach a úsáidfear. Cuir cóip den chur i láthair ar fáil chomh maith le do thoil an tráth sin. Iarrtar amhlaidh chun go mbeifear in ann na meáin a sholáthraítear a sheiceáil le haghaidh víreas chomh maith leis na doiciméid a scaipeadh ar Chomhaltaí an Choiste. Baineann roinnt míbhuntáistí le húsáid na saoráidí ar chóir duit a bheith ar an eolas fúthu agus tú ag cuimhneamh ar iarraidh a dhéanamh ar iad a úsáid. D'fhéadfadh nach mbeadh an fhaisnéis i gcur i láthair den sórt sin intuigthe do dhaoine atá ag breathnú ar an gcrúinniú go cianda (nach bhfuil i láthair sa seomra). Ní dhéantar ach an méid a deirtear a chur le taifead oifigiúil an chruinnithe. Tabhair faoi deara nach gcuirfeadh do chur i láthair san áireamh sa tuairisc oifigiúil, nach mbíonn inti ach an méid a deirtear.

***An ceadmhach dom aon trealamh leictreonach eile a úsáid?***

Ní ceadmhach ach an trealamh atá suiteáilte cheana féin a úsáid. D'fhonn na córais fuaime agus taifeadta a chosaint, ní ceadmhach gairis leictreonacha eile amhail glaoirí, fóin phóca, ríomhairí glúine, téipthaifeadáin agus raidíónna a úsáid. Tá diantoirmeasc ar fhóin phóca a úsáid agus ní mór iad a mhúchadh (ní leor iad a bheith curtha ina dtost) sna Seomraí Coiste nuair a bhíonn cruinniú ar siúl ag Coiste.

***Úsáid na Gaeilge***

Is beartas de chuid Sheirbhís Thithe an Oireachtais é fáilte a chur roimh úsáid na Gaeilge agus éascaíonn an tSeirbhís úsáid na Gaeilge leis an tSeirbhís. Más mian leatsa Gaeilge a úsáid, ná bíodh aon drogall ort é sin a chur in iúl dúinn.

***Cén fad a bheidh an cruinniú ar siúl agus an mbeidh aon sosanna ann?***

De ghnáth, maireann cruinniú Coiste timpeall dhá uair an chloig, ach tharlódh gur giorra ná sin cuid de na cruinnithe agus gur faide go mór ná sin a thuilleadh acu. Braithfidh fad an chruinnithe ar an mír ghnó a bheidh á cíoradh agus ar an líon grúpaí a bheidh ag déanamh cur i láthair. Ní bhíonn sos beartaithe ann de ghnáth i gcruinnithe nach faide ná dhá uair an chloig.

D'fhéadfadh sé, ámh, go gcaithfí cur isteach ar chruinniú ionas go bhféadfaidh Comhaltaí vótáil i nDáil Éireann nó i Seanad Éireann. Má tharlaíonn sé sin, mairfidh an sos timpeall 15 go dtí 20 nóiméad. Cuid thábhachtach de ról Comhalta is ea an vótáil agus níl aon mhíchúirtéis i do leith i gceist más gá cur isteach ar an gcrúinniú ar an gcúis sin. Cromfar air athuir a luaithe is féidir.

Maidir le cruinniú níos faide ná sin, d'fhéadfadh sos a bheith beartaithe chun a chumasú do Chomhaltaí a bheith i láthair le haghaidh imeachtaí faoi leith, mar shampla, Ceisteanna ó Cheannairí sa Dáil nó chun béile a chaitheamh.

### ***An gcraolfar an cruinniú?***

Is próiseas poiblí é cur i láthair ó bhéal a dhéanamh os comhair Coiste Oireachtais. Seolfar an cruinniú i seisiún poiblí. Déantar clúdach teilifíse ar chruinnithe Coiste a thionólfar go poiblí a chraoladh laistigh de choimpléasc Theach Laighean agus bíonn sé ar fáil le haghaidh craoladh poiblí ina dhiaidh sin ag RTÉ agus TV3. Déantar cruinnithe roghnaithe a chraoladh beo gach seachtain chomh maith ar an gcainéal tiomnaithe Parlaiminteach, Oireachtas TV, agus déantar gach cruinniú Coiste poiblí a athchraoladh le linn na seachtaine. Tá Oireachtas TV ar fáil faoi láthair ar *Sky Channel 517*, *Virgin Media Channel 207*, *Eir Channel 509*, *Vodafone Channel 201* agus *Saorview Channel 22*. Tá Oireachtas TV ar fáil chomh maith ar fud an domhain ar [www.Oireachtas.ie](http://www.Oireachtas.ie) agus ar Aip an Oireachtais.

Déanfar tras-scríbhinn a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choiste in am trátha. Da bhrí sin, beidh gach rud a déarfadh tú ag an gcruinniú ar fáil go poiblí.

### ***An féidir liom breathnú ar chuir i láthair eile os comhair an Choiste?***

Má tá an chuid poiblí den chruinniú ar siúl cheana féin nuair a thiocfaidh tú ar an láthair, beidh fáilte romhat breathnú ar na himeachtaí ón áiléar poiblí sula nglaofar ort do chur i láthair féin a dhéanamh. Nuair a bheidh an Coiste ullamh duit, glaofaigh foireann an Choiste ort teacht go dtí an bord. Féadfaidh tú filleadh ar an áiléar poiblí freisin tar éis do chur i láthair féin más maith leat.

Le linn duit a bheith i do shuí san áiléar poiblí, ní ceadmhach duit nótaí a ghlacadh ná aon taifeadadh in aon chor a dhéanamh ar na himeachtaí. Níor chóir duit cur isteach ar an gcruinniú trína bheith ag caint, ag bualadh bos etc., agus níor chóir duit féachaint le haon chumarsáid a dhéanamh le Comhaltaí an Choiste ná le rannpháirtithe eile.

### ***Nuair a bheidh an cruinniú thart***

Beidh an prótacal céanna i bhfeidhm nuair a bheidh tú ag fágáil an tSeomra Coiste agus ag teacht isteach ann, (*mura* mbeidh an cruinniú curtha ar atráth go foirmiúil). Ba chóir duit imeacht go ciúin, agus a bheith cáiréiseach gan cur isteach ar an ngnó atá fós ar siúl. Tabhair do shuaitheantas slándála ar ais don deasc ar do shlí amach duit. Ní mór d'fhinnéithe an campas a fhágáil trí Gheata Shráid Chill Dara.

Má tá ábhar breise le cur ar aghaidh agat mar fhreagra ar cheist, ba chóir an t-ábhar sin a sheoladh chuig Cléireach an Choiste, a dhéanfaidh é a dháileadh ar Chomhaltaí uile an Choiste.


### ***An bhféadfaidh mé cóip a fháil de thras-scríbhinn an chruinnithe nó den chraoladh gréasáin nó den fhíseán?***

Beidh tras-scríbhinn an chruinnithe ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choiste timpeall 7-8 lá oibre tar éis an chruinnithe.

### ***Pribhléid Parlaiminteach***



Tá pribhléid iomlán ag Comhaltaí an Chomhchoiste i leith ráitis a dhéantar i gceachtar Teach den Oireachtas nó os comhair an Chomhchoiste. De bhua alt 17(2)(l) den Acht um Chlúmhilleadh 2009, beidh finnéithe faoi chosaint ag pribhléid iomlán i leith na fianaise a iarrtar orthu a thabhairt do Choiste. Más rud é, le linn Imeachtaí an Choiste, go n-ordóidh an Comhchoiste duit scor d'fhianaise a thabhairt i ndáil le ní áirithe agus go leanfaidh tú dá thabhairt amhlaidh, ní bheidh teideal agat ina dhiaidh sin ach chun pribhléide srianta i leith do chuid fianaise. Ordaítear duit gan aon fhianaise a thabhairt ach amháin fianaise a bhaineann le hábhar na n-imeachtaí agus iarrtar ort déanamh de réir an chleachtais parlaiminte nach cóir, más féidir, Comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, duine lasmuigh den Teach, ná oifigeach, a cháineadh ná líomhain a dhéanamh in aghaidh aon duine acu sin, faoina ainm nó faoina hainm nó ar shlí a d'fhágfadh go mbeadh sé nó sí inaitheanta.

Comharsanacht Theach Laighean




Leagan amach Sheomra Coiste 1


Both  
Fuaime



Sé áit don  
Phreas (le  
deascanna)



An tÁiléar  
Poiblí 24  
Shuíochán





Leagan amach Sheomraí Coiste 2, 3 agus 4

